

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Tuarascáil Bhliantúil 2015





An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta **Tuarascáil Bhliantúil 2015**

© NCSE 2016

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

1-2 Sráid an Mhuilinn
Baile Átha Troim
Co na Mí

T: 046 948 6400

www.ncse.ie

Clár

Litir chuig an Aire ó Chathaoirleach NCSE	3
Ár gcuid Straitéisí	5
Príomhghaiscí i 2015	9
Tosaíocht Straitéiseach 1: Soláthar oideachais agus seirbhísí tacaíochta do leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta a phleanáil agus a chomhordú.	13
Tosaíocht Straitéiseach 2: Comhairle um pholasaí a bheidh bunaithe ar fhianaise a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le hoideachas do leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta.	21
Tosaíocht Straitéiseach 3: Clár taighde a stiúradh agus a chur i gcrích a bheidh mar bhonn faoi eolas a scaipeadh um dheachleachtas oideachais speisialta ar scoileanna, ar thuismitheoirí is ar an earnáil oideachais.	25
Tosaíocht Straitéiseach 4: Athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar breisoideachais agus ardoideachais do dhaoine fásta ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta chomh maith le treoracha deachleachtais a fhorbairt.	33
Tosaíocht Straitéiseach 5: A chinntiú go leanann NCSE den bhforbairt mar eagraíocht éifeachtach a ghéilleann do riachtanais idir reachtúil, rialaithe agus rialachais chorparáidigh agus a chinntiú go mbunaítear straitéisí éifeachtúla maidir le scaipeadh eolais, le cumarsáid agus leis na meáin.	37
Rialachas	41

Aguisíní (1-5)

1. Deimhnithe um Ghéilliúlacht do Riachtanais an Chóid Rialachais do Chomhlachtaí Stáit	51
2. Foireann NCSE	53
3. Táblaí Staitisticí don Scoilbhliain 2014/15	54
4. Cur síos ar na Catagóirí Míchumais	55
5. Gluais na nAcrainmneacha is mó a luaitear	58

Litr chuig an Aire ó Chathaoirleach NCSE

Meitheamh, 2016

An tUas. Risteárd de Briotún, TD
Aire Oideachais agus Scileanna
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Sráid Mhaoilbhríde
Baile Átha Cliath 1

A Aire, a chara,

Cuirim chugat anseo cóip de Thuarscáil Bhliantúil 2015 NCSE mar a éilítear faoi Alt 34 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (EPSEN), 2004.

Is mian liom freisin an tuairisc anseo thíos a thabhairt duit mar a éilítear faoi alt 13.1 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit:

- ▶ Ní comhlacht Stáit tráchtála í NCSE. Níl fochomhlacht, beartas páirte ná scairshealbhú againn. Ní raibh aon tionchar ag imeachtaí suntasacha ar NCSE i 2015 ná níltear ag súil lena leithéid d'imeacht.
- ▶ Is mar a nochtáítear í inár gcuntais bhliantúla 2015 atá staid airgeadais NCSE 2015 agus déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu. Ach an iniúchadh déanta, seoltar chugat ar leith na cuntais úd faoi Alt 29 den Acht EPSEN, agus, de réir gá, ina dteannta beidh tuairisc uaim féin agus deimhnithe maidir leis an gcóras NCSE um Airgeadas Inmheánach a rialú (SIFC).
- ▶ Ghlac an NCSE leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus géilltear don Chód céanna.
- ▶ Sa chomhthéacs seo, dearbhaím:
 - ▼ Go gcloítear leis na cleachtais chuí um thuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, fála agus díol sócmhainní.
 - ▼ Géilleann baill NCSE don Chód NCSE um Iompar Gnó na mBall.
 - ▼ Géilleann fostaithe NCSE don Chód Iompair do Státsheirbhísigh.
 - ▼ Géilltear do pholasaí Rialtais maidir le tuarastal a íoc leis an bpríomhfheidhmeannach agus le fostaithe.
 - ▼ Ní íoctar táillí stiúrthóra le baill chomhairle NCSE.
 - ▼ Géilleann NCSE do na treoracha um mholtaí caiteachais chaipitiúil a mheas agus a bhainistiú.
 - ▼ Géilleann NCSE do riachtanais Rialtais um pholasaí taistil.
 - ▼ Níl NCSE ag súil le haon imeachtaí suntasacha tar éis don chlár comhardaithe a bheith réidh.

Is maith linn gur cinntíodh ar an Seirbhís Tacaíochta Cuimsithe (ISS) a bhunú laistigh de NCSE. Tagann an fhorbairt thábhachtach seo le torthaí athbhreithnithe agus moltaí maidir le comhairle polasaí a rinneamar le déanaí. Nuair a bheidh feidhm leis an ISS laistigh den NCSE clúdófar; Forbairt Ghairmiúil do mhúinteoirí ar bhonn leanúnach; tacaíocht iompair sna scoileanna; agus an tSeirbhís Múinteoir Cuairtíochta do scoláirí atá Bodhar/ar a bhfuil Moill Éisteachta nó atá Dall/ar a bhfuil Lagú Radhairc. Toisc go mbéarfar le chéile na seirbhísí úd, i gcaitheamh na haimsire feabhsófar torthaí do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta. Tá NCSE cheana féin ag plé leis an Roinn agatsa agus na Seirbhísí Tacaíochta ó 2015 maidir leis na socruithe cuí a phleanáil chun an cinneadh seo a chur i bhfeidhm.

Tar éis athbhreithniú cuimsitheach agus próiseas comhairliúcháin críochnaíodh comhairle polasaí um oideachas a sholáthar do scoláirí uathachais. Cúis sásaimh dúinn ab ea an chomhairle seo a chur faoi bhráid an Aire a tháinig romhat mí Meán Fómhair 2015.

Leanamar dár gClár Taighde le linn 2015. D'fhoilsíomar tuairisc ar "Tionscnamh IRIS – Taighde ar Chuimsiú i Scoileanna na hÉireann", staidéar ar a fhad déanta ar thaithí agus torthaí scoláirí i scoileanna na hÉireann ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta.

Le linn 2015, leanamar den saothar a bhain le hacmhainní a dháileadh ar bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna chun tacú le seirbhísí do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta. Aithnímid na hacmhainní breise dá leithéid a cuireadh ar fáil i 2015 agus is mór againn go dtugtar tús áite go leanúnach do na cláir úd i measc éilimh agus srianta an státchiste ar an iomlán.

Tháinig deireadh le téarma oifige baill na Comhairle NCSE ar 31 Nollaig 2015. Tá téarma trí bliana curtha isteach anois ag ár bhformhór agus an dara téarma déanta ag daoine áirithe. Mar Chathaoirleach na Comhairle is mian liom an saothar suntasach atá deanta ag na baill Chomhairle NCSE a aithint agus táim buíoch díobh as tacú agus cabhrú liom sa ról atá agam. Táim ag súil le hoibriú le baill na Comhairle nuair a cheapfar iad.

Tá an Chomhairle ag súil le bheith ag plé leat agus beimid sásta aon eolas breise nó soiléiriú faoinár ngníomhaíochtaí i 2015 a chur ar fáil.

Mise le meas

Eamon Stack

Cathaoirleach

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

An abstract graphic design featuring a light beige background. In the upper left, there is a solid orange shape with a rounded top-left corner. Below and to the right of this is a larger, solid red shape with a rounded top-left corner, partially overlapping the orange shape. The text 'Réamhrá:' is written in white on the orange shape, and 'Ár gCuid Straitéisí' is written in white on the red shape.

Réamhrá:

Ár gCuid Straitéisí

Réamhrá:

Cur Chuige Straitéiseach NCSE

Tá sé mar aidhm againn soláthar leanúnach oideachais a chur chun cinn a bheidh

- ▶ cuimsitheach agus sofhreagrach agus
- ▶ a chuirfidh córas oideachais oiriúnach ar fáil do leanaí agus aosaigh ag a bhfuil riachtanais speisialta.

Déanaimid é sin trí thacaíochtaí a dháileadh ar scoileanna; trí chomhairle agus eolas a thabhairt; trí thaighde um oideachas a dhéanamh agus a scaipeadh; agus trí chomhairle polasaí ar an Aire Oideachais agus Scileanna faoi cheisteanna oideachais speisialta.

Ar na feidhmeanna a leagtar síos dúinn, in Alt 20 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta acu (EPSN) 2004, tá an méid seo:

- ▶ Soláthar oideachais do leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta a phleanáil agus a chomhordú agus a chinntiú go mbíonn an soláthar céanna ar fáil go leanúnach.
- ▶ Taighde a dhéanamh agus a chomhordú.
- ▶ Comhairle um pholasaí oideachais speisialta a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna.
- ▶ Eolas, deachleachtas san áireamh, ar oideachas speisialta a scaipeadh ar thuismitheoirí, ar scoileanna is orthu siúd eile a chuirfeadh suim ann.
- ▶ Dul i gcomhairle le comhlachtaí deonacha lena chinntiú go gcuimsítear a gcuid eolais is oilteachta agus polasaí NCSE á fhorbairt againn.
- ▶ Athbhreithniú ginearálta a dhéanamh ar an soláthar breisoideachais, ardoideachais agus/nó oideachas leanúnach do dhaoine fásta faoi mhíchumas chomh maith le comhairle a chur ar institiúidí oideachais maidir le deachleachtas sa réimse sin.

Táimid tar éis cúig chuspóir straitéiseacha a leagan síos chun na feidhmeanna a chur i gcrích (féach tábla NCSE Cuspóirí Straitéiseacha). Mínítear an dul chun cinn atá déanta faoi gach cuspóir díobh i 2015.

Tábla: Cuspóirí Straitéiseacha NCSE

- ▶ **Cuspóir Straitéiseach 1:** Soláthar oideachais agus seirbhísí tacaíochta do leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta a phleanáil agus a chomhordú
- ▶ **Cuspóir Straitéiseach 2:** Comhairle um pholasaí a bheidh bunaithe ar fhianaise a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le hoideachas do leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta.
- ▶ **Cuspóir Straitéiseach 3:** Clár taighde a stiúradh agus a chur i gcrích mar bhonn faoi eolas a scaipeadh um dheachleachtas oideachais speisialta ar scoileanna, ar thuismitheoirí is ar an earnáil oideachais.
- ▶ **Cuspóir Straitéiseach 4:** Athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar breisoideachais agus ardoideachais do dhaoine fásta ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta chomh maith le teoracha deachleachtais a fhorbairt
- ▶ **Cuspóir Straitéiseach 5:** A chinntiú go leanann NCSE den bhforbairt mar eagraíocht éifeachtach a gheilleann do riachtanais idir reachtúil, rialaithe agus corparáideach agus a chinntiú go mbunaítear straitéisí éifeachtúla maidir le scaipeadh eolais, le cumarsáid agus leis na meáin.



Príomhghaiscí

Príomhghaiscí

Sa tuarascáil seo mínítear ár bpríomhghaiscí le linn 2015, ag seo achoimre ghearr orthusan.

I rith na scoilbhliana 2014-15, rinne NCSE:

- ▶ Soláthar teagasc breise i ngnáthscoileanna do bhreis is 48,000 scoláire ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta.
- ▶ Soláthar tacaíochta trí chúntóir riachtanais speisialta (SNA) do bhreis is 27,000 scoláire ag a bhfuil riachtanais suntasacha cúraim chomh maith le riachtanais oideachais speisialta.
- ▶ Próiseas ar bhreis is 16,200 iarratas nua ó bhunscoileanna is meánscoileanna ar uaireanta breise teagasc do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta.
- ▶ Próiseas ar bhreis is 8,600 iarratas nua ó scoileanna ar theacht ar thacaíocht SNA do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta.
- ▶ Próiseas ar bhreis is 3,200 iarratas nua ar iompar scoile do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta.
- ▶ Próiseas ar bhreis is 2,900 iarratas ar theicneolaíocht chúntach/trealamh speisialta do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta.
- ▶ Iomlán 855 rang speisialta a bhunú i ngnáthscoileanna agus áit ar fáil iontu nach mór do 5,700 scoláire.

I 2015 freisin, rinne NCSE na bearta seo:

- ▶ Críochnaíodh comhairle polasaí um sholáthar oideachais do scoláirí ar a bhfuil aicíd speictream uathachais.
- ▶ Foilsíodh an staidéar taighde ba mhó riamh againn, Tionscnamh IRIS (Taighde Cuimsithe i Scoileanna na hÉireann) – staidéar ar a fhad déanta ar thaithí agus torthaí scoláirí i scoileanna na hÉireann ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta.
- ▶ Urraíodh gradam ag an dTaispeántas Eolaí Óg chun cur le feasacht agus tuiscint ar leanaí agus daoine óga ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta – bronnadh an gradam ar Cholaíste Pobal Osraí, Cill Chainnigh.

Tosaíocht Straitéiseach 1

Soláthar oideachais agus seirbhísí tacaíochta do leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta a phleanáil agus a chomhordú

Tosaíocht Straitéiseach 1

Soláthar oideachais agus seirbhísí tacaíochta do leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta a phleanáil agus a chomhordú

Réamhrá

Déanann NCSE pleanáil, comhordú agus athbhreithniú ar thacaíochtaí breise oideachais a sholáthar do scoileanna a ghlacann leo siúd ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta, de réir polasaí na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Gach bliain bíonn breis is 4,000 scoil i dteideal iarratas a dhéanamh chuig an SENO (Eagraí Riachtanas Oideachais Speisialta) NCSE áitiúil ar:

- ▶ tacaíocht mar theagasc acmhainne,
- ▶ tacaíocht SNA (Cúntóir Riachtanais Speisialta),
- ▶ teicneolaíocht chúntach agus/nó trealamh speisialta
- ▶ socruithe iompair scoile as an gnáth.

Forálann Alt 2 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (EPSEN), 2004 go dtugtar oideachas dá leithéid do leanaí i gcomhshaol cuimsitheach ach amháin sa chás nach mbeadh a leithéid de bheart ar son leas an linbh ná na leanaí a bheadh ina theannta. Dá reir sin, is istigh i ngnáthrang a mhúintear formhór na scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta.

Déantar freastal ar scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta trí mhodhanna éagsúla mar chlárú go lánaimseartha i ngnáthranganna nó i scoileanna speisialta agus idir eatarthu. Sa réimse socruithe seo tá:

- ▶ **Rang lárshrutha**, mar ab fhéidir leis an scoláire ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta tacaíocht bhreise a fháil ón mhúinteoir trí idirdhealú agus/nó trí thacaíocht bhreise teagaisc ó mhúinteoir tacaíocht fhoghlama/teagasc acmhainne.
- ▶ **Rang speisialta i scoil lárshrutha** mar a mbíonn idir seisear agus 11 scoláire in aon rang speisialta, ag brath ar an ngá áirithe oideachais.
- ▶ **Scoil speisialta** do scoláirí ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta atá níos casta is iad i ranganna mar a mbíonn idir seisear agus 11 scoláire, ag brath ar an ngá áirithe oideachais.

Acmhainní do Scoileanna sa Scoilbhliain 2014-15

Iarratais ar Thacaíochtaí Breise

I rith na scoilbhliana 2014-15¹, rinne na SENO próiseas ar bhreis is 31,000 iarratas ar thacaíochtaí do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta faoi ceithre scéim dáilte. Tá sonraí na scéimeanna agus an líon iarratas a ndearnadh próiseáil orthu i 2014-15 i dTábla 1 anso thíos.

Tábla 1: Achoimre ar iarratais a ndearna NCSE próiseáil orthu i 2014-15

Scéim	Líon Iarratas
Múinteoir acmhainne	16,209
SNA	8,656
Iompar Scoile	3,289
Teicneolaíocht chúntach/trealamh speisialta	2,928
Iomlán	31,082

Tá breis is 5,700 áit anois ar fáil i 855 rang speisialta i scoileanna lárshrutha

Ranganna Lárshrutha

Dháil NCSE 6,204 múinteoir acmhainne ar ghnáthscoileanna chun breis teagasc a sholáthar do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta. Sin méadú cothrom le 483 post iomlán teagasc acmhainne ar an líon (5,271) a dáileadh ar scoileanna lárshrutha don scoilbhliain 2013-14. Le linn na scoilbhliana 2014-15 tháinig méadú ar an líon scoláirí a raibh teacht acu ar thacaíochtaí teagasc acmhainne go breis is 48,000 (Feach Aguisín 3), i gcomparáid le 45,700 scoláire sa scoilbhliain 2013-14.

Ranganna Speisialta

Cheadaigh na SENO 139 rang speisialta nua sa scoilbhliain 2014-15. Faoi dheireadh na scoilbhliana 2014-15, bhí rang speisialta i 855 scoileanna lárshrutha agus breis is 5,700 áit ar fáil. Sin méadú glan 118 rang speisialta nua agus breis is 700 áit i 2014-15.

Scoileanna Speisialta

I rith na scoilbhliana 2014-15, bhí breis is 7,500 scoláire cláraithe i scoileanna speisialta trí thacú NCSE. Dháil an NCSE 1,145 múinteoir agus 2,222 SNA ar scoileanna speisialta i 2014-15. Don scoilbhliain roimhe sin, 2013-14, dáileadh 1,107 múinteoir agus 2,149 SNA.

¹ Leanann an scoilbhliain 2014-15 ó Mheán Fómhair 2014 go Meitheamh 2015.

Tacaíochtaí SNA

Faoi dheireadh na scoilbhliana 2014-15, bhí tacaíocht SNA ag thart ar 27,000 scoláire. Ba é 11,174 an líon post SNA dailte idir bunscoileanna, meánscoileanna agus scoileanna speisialta.

Acmhainní do Scoileanna sa Scoilbhliain 2015-16²

Don scoilbhliain 2015-16, mhéadaigh ar an líon post teagasc acmhainne a bhí ar fáil le dáileadh faoi 627 go 6,852 agus ar an líon post SNA faoi 610 go 11,940. Foilsítear sonraí iomlán na ndáiltí NCSE idir theagasc acmhainne agus SNA ar gach scoil ar leith in aghaidh na bliana ar shuíomh idirlín an NCSE www.ncse.ie.

I dTábla 2 anseo thíos tá líon na múinteoirí acmhainne agus SNA dailte ar scoileanna faoi dheireadh Mí na Nollag 2015. Feicfear na sonraí deiridh don scoilbhliain 2015-16 inár dTuarascáil Bhliantúil 2016.

Dáileadh 751
post breise SNA
i 2015

Dáileadh 619
post breise
teagasc
acmhainne i
2015

Tábla 2: Líon post Teagasc Acmhainne agus SNA sna Scoileanna

	Deireadh scoilbhliana 2014-15	Deireadh scoilbhliana Mí na Nollaig
Poist Teagasc Acmhainne	6,204	6,823
Poist SNA	11,174	11,925

Scoláirí ar a bhfuil Siondróm Down

Don scoilbhliain 2015-16, d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna scéim eatramhach a dháilfeadh 2.5 uaireanta breise teagasc in aghaidh gach scoláire siondróm Down i rang lárshrutha nach bhfuair tacaíocht faoin scéim do dháiltí um mhinicíocht íseal. Rinneadh próseáil ar 183 iarratas incháilithe agus dáileadh comhbhrí 19 múinteoir lánaimseartha faoin scéim. Cuimsítear na poist seo i dTábla 2 thuas.

2 Leanann an scoilbhliain 2015-16 ó Mheán Fómhair 2015 go Meitheamh 2016

An Próiseas Achomhairc um Dháileadh Acmhainní

Faoi Nollaig 2015, rinne NCSE próiseáil ar thart ar 25,000 iarratas ó scoileanna ar dháileadh teagasc acmhainne agus SNA don scoilbhliain 2015-16. Tá próiseas achomhairc ag an NCSE do na cinntí a thógtar faoi na hiarratais. Tá na sonraí cuí ar fáil ar ár suíomh idirlín www.ncse.ie.

Faoi Nollaig 2015, bhíothas tar éis 137 achomharc a fháil faoi na cinntí um dháileadh acmhainní 2015-16. Fuarthas 96 achomharc i 2014.

Tábla 3: Anailís ar achomhairc – faighte faoi mhí na Nollag 2015

Anailís ar achomhairc – faighte faoi mhí na Nollag 2015	
Iomlán achomharc faighte	137
Líon achomharc faighte ó thuismitheoirí	31
Líon achomharc faighte ó scoileanna	106
Líon achomharc faighte faoi dháileadh SNA	72
Líon achomharc faighte faoi uaireanta teagasc acmhainne	65
Líon achomharc a tarraingíodh siar	35
Líon achomharc a seasadh leo	8
Líon achomharc a ndíúltaíodh dóibh	88
Líon achomharc fós idir lámha amhail deireadh mhí na Nollag 2015	6

Eolas do thuismitheoirí

Eolas ó NCSE do thuismitheoirí

Lean na SENO de chlár seisiún eolas do thuismitheoirí agus caomhnóirí leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta ar bhonn áitiúil chun go dtuigfidís conas teacht ar na seirbhísí agus tacaíochtaí oideachais atá gar dóibh. Bíonn deis ag thuismitheoirí bualadh le SENO agus ceisteanna a chur faoin gcóras oideachais ag tacú lena leanbh agus scaiptear bileoga, leabhráin agus leathanaigh eolais. Díríodh go príomha ar thuismitheoirí leanaí a bhí le dul ar scoil don chéad uair mí Mheán Fómhair 2015. Críochnaíodh an clár go luath i 2015.

I 2015, rinneadh measúnú ar chlár 2014-2015. Léiríodh sástacht thar na bearta leis an dtionscadal i measc thuismitheoirí.

Mheas 99% de na thuismitheoirí go raibh na hábhair a dáileadh ag na seisiúin eolais úsáideach; dúirt 97% go raibh na seisiúin cabhrach

Fuarthas aiseolas ó thart ar a leath acu a d'fhreastail. Cheap 97% go raibh an seisiún "an-chabhrach" nó "cabhrach" agus dúirt 99% go raibh na hábhair a dáileadh ag na seisiúin "an-úsáideach" nó "úsáideach".

Thosaigh na SENO ar seisiúin eolais a thabhairt arís i dtreo deireadh na bliana 2015 a dhírigh ar thuismitheoirí leanaí a rachaidh ar scoil don chéad uair mí Mheán Fómhair 2016 agus leanfar de chaighdeán an chláir a mheas.

Cuireann NCSE cuimsiú oideachais chun cinn do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta

Gradam Speisialta ag Taispeántas Eolaí Óg BT 2015

D'urraigh NCSE Gradam Speisialta ag Taispeántas Eolaí Óg BT 2015. Lorgaíodh an tionscnamh is fearr a léirigh:

- ▶ Feasacht agus tuiscint ar leanaí agus daoine óga ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta agus/nó tionchar díreach ar an saol acu;
- ▶ Cuimsiú sa chóras oideachais a chur chun cinn do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta.

Bronnadh an Gradam Speisialta NCSE 2015 ar scoláirí (anseo thíos) ó Choláiste Pobal Osraí, Cill Chainnigh, ar son a dtionscnamh ar uathachas³.



Eamon Stack, Cathaoirleach NCSE, ag Taispeántas Eolaí Óg BT 2015 le buaiteoirí an Ghradam Speisialta NCSE, Maeve Shaw agus Éabha Ní Shluain ó Choláiste Pobal Osraí, Cill Chainnigh.

3 Tomhais de dhiallais ar fhreagair eiticúil idir dhaoine le huathachas agus gan uathachas

Tosaíocht Straiteiseach 2

Comhairle um pholasaí a
bheidh bunaithe ar fhianaise
a chur ar an Aire Oideachais
agus Scileanna maidir le
hoideachas do leanaí óga ag
a bhfuil riachtanais
oideachais speisialta

Tosaíocht Straitéiseach 2

Comhairle um pholasaí a bheidh bunaithe ar fhianaise a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le hoideachas do leanaí óga ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta

Ról NCSE

Cuireann NCSE sainchomhairle polasaí neamhspleách, is í bunaithe ar fhianaise, ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le hoideachas speisialta do scoláirí.

Comhairle polasaí a chríochnaíodh um thacú le scoláirí ar a bhfuil ASD

Comhairle polasaí ar sholáthar oideachais do scoláirí ar a bhfuil aicíd speictream uathachais

Chríochnaigh NCSE comhairle polasaí don Aire faoi sholáthar oideachais do scoláirí ar a bhfuil aicíd speictream uathachais.

Mar bhonn faoin gcomhairle polasaí tá na moltaí a rinne NCSE i 2013 i dtreo an chóras a fheabhsú do chách ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta ach díritear go háirithe ar na tacaíochtaí a bhíonn ó scoláirí ASD atá difriúil seachas a mbíonn ó lucht eile riachtanas speisialta, nó sa bhreis orthu.

Phléigh an Chomhairle go hiomlán na moltaí sular ceadaíodh iad mar chomhairle polasaí agus cuireadh an páipear faoi bhráid an Aire mí Meán Fómhair 2015. Níor foilsíodh an tuairisc roimh dheireadh na bliana 2015 mar is gnáthach tréimhse ama a ligean don mhachnamh a dhéanadh an tAire agus na hoifigigh ar thuairisc sula gcuirtear i gcló í. Tá NCSE sásta go bhfuarthas aitheantas ón Aire, Mí na Nollag 2015, go raibh 'tuairisc fhíorthábhachtach agus an-chuimsitheach' déanta ag NCSE.

Eolas a roinneadh faoin samhail nua dailte atá molta

Samhail nua Dailte do Theagasc Acmhainne

D'fhreagair NCSE mórán cuirí ó eagraíochtaí tuismitheoirí is muinteoirí/príomh-oidí ar fud na tíre is iad ag lorg míniú breise agus plé ar an tsamhail nua dailte atá molta do theagasc acmhainne chomh maith le soiléiriú ar an éifeacht a bheadh ar scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta agus na scoileanna.

Saothar Idirnáisiúnta

Le linn 2015, lean NCSE le páirt a ghlacadh i saothar idirnáisiúnta na Gníomhaireachta Eorpaí um Riachtanais Speisialta agus Oideachas Cumsitheach (EASNIE).

Ar na gníomhaíochtaí EASNIE ar tacaíodh leo le linn 2015 bhí:

Leanann NCSE de thacú le saothar na Gníomhaireachta Eorpach um Riachtanais Speisialta agus Oideachas Cuimsitheach (EASNIE).

- 1. Oideachas Cuimsitheach Réamh-bhunscoile:** Sa tionscnamh seo díritear ar phríomhthréithe luathoideachas ardchaighdeáin cuimsitheach do chách a aithint, a scrúdú agus ar deireadh, a chur chun cinn.
- 2. Maoiniú don Oideachas Cuimsitheach:** Sa tionscnamh seo díritear ar léarscáiliú de réir tíre ar an gcur chuige maidir le hoideachas cuimsitheach a mhaoiniú chomh maith leis na factóirí tábhachtacha laistigh de shamhlacha maoinithe a thacaíonn le rochtain oideachais a aithint.
- 3. Éisteacht Eorpach ar Oideachas Cuimsitheach:** Tharla an Éisteacht i Lucsamburg Deireadh Fómhair 2015. Díródh ar dheis a thabhairt d'óige na hEorpa a dtuairimí ar an oideachas a nochtadh, a gcuid riachtanais a mhíniú agus an dóchas atá acu don todhchaí a chur in iúl.

Tosaíocht Straitéiseach 3

Clár taighde a stiúradh agus a chur i gcrích a bheidh mar bhonn faoi eolas a scaipeadh um dheachleachtais oideachais speisialta ar scoileanna, ar thuismitheoirí is ar an earnáil oideachais

Tosaíocht Straitéiseach 3

Clár taighde a stiúradh agus a chur i gcrích a bheidh mar bhonn faoi eolas a scaipeadh um dheachleachtais oideachais speisialta ar scoileanna, ar thuismitheoirí is ar an earnail oideachais

Tuairisc Nua Taighde Foilsithe

Réamhrá

Coimisinímid taighde ar mhórán téamaí san oideachas speisialta. Féachann an taighde ar chleachtas agus soláthar in Éirinn agus ar fhianaise idirnáisiúnta. Ar an gcuma sin cinntítear go dtagtar leis na téamaí agus patrúin is déanaí agus go mbítear ar an eolas faoin bhfianaise taighde is déanaí a bhíonn ar fáil. Bíonn bonn láidir fianaise againn dá reir dár gcomhairle polasaí ar an Aire Oideachais agus Scileanna.

Taighde Críochnaithe i 2015

Chríochnaigh NCSE roinnt tionscnamh taighde i 2015. Foilsíodh an ceann ba mhó againn go dtí seo – 'Tionscnamh IRIS', agus é anois ar fáil ar ár suíomh idirlín www.ncse.ie.

Páirteach sa staidéar bhí breis is 150 scoláire, a dtuismitheoirí is foirne scoile i 24 scoil lárshrutha agus speisialta ar fud na tíre ar feadh tréimhse trí bliana. Díríodh ar pholasaí scoile, soláthar is cleachtais maraon le taithí agus torthaí ag na scoláirí agus a dtuismitheoirí.



Léirítear sa staidéar go mbíonn timpeallacht chuimsitheach fhoghlama ar fáil ar an mórgóir ag leanaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu agus gur tharla dul chun cinn suntasach le blianta beaga anuas. Go háirithe, leagtar béim ar an ngréasán láidir um thacaíocht fhoghlama agus teagasc acmhainne a chinntíonn go mbíonn tacaíocht ardleibhéil ag formhór na ndaltaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu.

Is é an mheabhair a bhaintear as an dtaighde ná go ndeachaigh na scoláirí go mór chun cinn san oideachas agus freisin ó thaobh sástacht, caidreamh agus neamhspleáchas de. Bhí formhór na dtuismitheoirí sásta le taithí na leanaí idir acadúil is sóisialta. Tharlaíodh, mar sin féin, nach ndéantaí an dul chun cinn a thomhas nó nach mbíodh an tomhas á dhéanamh ar bhonn oiriúnach do leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta. Aithníodh go bhfuil gá le bealaí a fhorbairt chun dul chun cinn a thomhas agus a aithint i gcás na scoláirí uile a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu.

Leagadh béim freisin ar laigí eile mar an deacracht a bhaineann le teacht ar mheasúnú in am tráth chun teacht ar acmhainní; rochtain teoranta nó neamhsheasmhach ar thacaíochtaí teiripeacha; gá le cur le leibhéal saineolais i measc múinteoirí; forbairt agus feidhmiú neamhsheasmhach maidir le pleananna aonair.

Taighde eile

Tharla staidéir eile, cuid díobh a bhí fós ar siúl agus foilseofar tuilleadh i 2016:

1. Teicneolaíocht Chúntach chun Tacú le hOideachas Leanaí ag a bhfuil SEN – An modh is fearr?

Scrúdaíodh taithí scoláirí ar Theicneolaíocht Chúntach (AT) agus an tionchar a cheaptar a bheith ag an dteicneolaíocht ar scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna.

2. Oideachas do Lucht Aicíd Speictream Uathachais – Léirmheas Rianúil ar a bhfuil Scríofa.

Athbhreithniú ar an bhfianaise taighde is déanaí atá ar fáil ar eadráin oideachais do scoláirí ar a bhfuil ASD.

3. Measúnú ar Sholáthar Oideachais in Éirinn do scoláirí ar a bhfuil aicíd Speictream Uathachais.

Scrúdaíodh soláthar oideachais do scoláirí ag a bhfuil ASD i réimse suímh mar ranganna lárshrutha, ranganna speisialta, scoileanna speisialta, maraon leo siúd a bhaineann leas as an scéim teagasc baile agus an síneadh leis an scoilbhliain.

4. Staidéar ar Thaithí Scoláirí Iarbhunscoile ag a bhfuil SEN.

Scrúdaíodh taithí oideachais ag breis is 200 scoláire in aois iarbhunscolaíochta thar réimse suíomh iarbhunscoile.

5. Soláthar Ranganna Speisialta in Éirinn. Céim 2: Staidéar Cineálach

Leanadh de shuirbhé déanta cheana ar ranganna speisialta in Éirinn agus scrúdaítear soláthar ranganna speisialta agus mionchleachtas i 12 bunscoil agus iarbhunscoil.

6. Taithí agus Torthaí Oideachais ag Leanaí ag a bhfuil SEN. Céim 2: Idir 9-13 bliana.

Úsáideadh sonraí ón mhórstaidéar ar a fhad ar leanaí in Éirinn, díríodh ar leanaí ag a bhfuil SEN in aois 13 bliana ag dul ar aghaidh ó thuairisc ní ba luaithe is iad 9 mbliana d'aois.

Taighde nua coimisiúnaithe

Coimisiúnaíodh
trí thionscnamh
nua taighde

1. Oideachas Cuimsithe do Mhúinteoirí ó Thosach

Scrúdófar an tionchar ag athruithe, a cuireadh le déanaí ar Oideachas Cuimsithe do Mhúinteoirí ó Thosach (ITE) in Éirinn, ar oideachas leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta. Seo an chéad staidéar ar a fhad ar chuimsiú in oideachas do mhúinteoirí ó thosach san Eoraip. Leanfar mic léinn ón mbliain deiridh den chlár ITE trín gcéad dhá bhliain múinteoireachta agus coimeádfar cuntas ar cé chomh hullamh is a bhraitheann idir mhic léinn agus múinteoirí nua-cháilithe don oideachas a chur ar scoláirí ag a mbíonn SEN.

2. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) don Chuimsiú: Fairsinge soláthar in Éirinn

Tá CPD suntasach go leor ar fáil ag múinteoirí a bhíonn ag iarraidh breis forbartha gairmiúla. Tá scata maith soláthróirí ann agus réimse leathan eolas dá reir ar fáil faoi. Dá bhrí sin féadfaidh sé a bheith deacair ar mhúinteoirí teacht ar an eolas cuí. Aithneoidh agus rangóidh an tionscnamh seo an soláthar ar fad CPD do mhúinteoirí in Éirinn um oideachas speisialta agus cuimsiú agus cuirfear an t-eolas ar fáil mar fhoinsé amháin inrochtana.

3. Athbhreithniú ar an dTionscnamh Athrú Soláthair

Tá baint ag scoileanna áirithe le tionscnamh píolótach – an Tionscnamh Athrú Soláthair (APP), trína cheaptar múinteoir, seachas Cúntóir Riachtanais Speisialta (SNA), chun tacú le scoláirí áirithe ag a mbíonn Míchumas/Deacrachtaí Mothúcháin agus Iompair (EBD). Scrúdaítear sa tionscnamh mar a éiríonn le scoláirí ar a bhfuil EBD agus le scoileanna má thugtar teagasc breise ar fhéinsmacht ar iompar mar rogha ar an tacaíocht cúram a thugann SNA. Choimisiúnaigh an NCSE athbhreithniú ar an scéim píolótach seo a mbeidh deireadh leis i 2016.



Ar aghaidh ó chlé: Mel Ainscow, Ollscoil Mhanchain; Richard Wynne, Ionad Taighde Oibre; Paula Connolly, SESS.

Ar chúl ó chlé: Eamon Stack, cathaoirleach NCSE; Gina Grant, Tuismitheoir ag Comhdháil Taighde NCSE 25 Samhain.

Comhdháil Bhliantúil Taighde NCSE

Tharla ár gcomhdháil taighde 2015 ar 25 Samhain in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh agus bhí breis is 200 páirtí leasmhara i láthair – príomh-oidí agus múinteoirí, taighdeoirí, tuismitheoirí, siceolaithe oideachais, lucht oideachas múinteoireachta, grúpaí abhchóideachta míchumais, oifigigh na roinne agus ceardchumann.

Díríodh ar dhá théama – oideachas cuimsithe do mhúinteoirí agus teicneolaíocht chúntach do scoláirí ag a bhfuil SEN. Maidir le hoideachas cuimsithe do mhúinteoirí, labhair an chéad aoichainteoir ó Ollscoil Mhanchain faoi smaointe nua agus straitéisí a ligeann do mhúinteoirí oideachas a chur ar scoláirí ag a bhfuil riachtanais éagsúla. Ina dhiaidh sin bhí léiriú ar dhá staidéar nua coimisiúnaithe ag an NCSE ar oideachas do mhúinteoirí.



Mel Ainscow, Ollscoil Mhanchain; an chéad aoichainteoir ag Comhdháil Taighde NCSE ar 25 Samhain.

I seisiún an iarnóin um Theicneolaíocht Chúntach chuir aoichainteoir eile ó Choláiste an Rí, Londain léiriú i láthair ar fhorbairtí nua um theicneolaíocht chúntach (AT) do scoláirí ag a bhfuil riachtanais speisialta. Ina dhiaidh sin cuireadh torthaí an staidéir a choimisiúnaigh an NCSE ar Theicneolaíocht Chúntach (AT) i scoileanna in Éirinn. Mar chríoch chualathas ábhar machnaimh ó úsáideoirí AT agus lucht a dtacaithe is iad ag cur síos ar dhúshlán agus ar bhuntáistí sa taithí oideachais. Féadfar na léirithe comhdhála uile a íoslódáil ó shuíomh idirlín NCSE www.ncse.ie.



Ar aghaidh ó chl : Peter Hick, Ollscoil Cheannchathartha Mhanchain; Carmel Duggan, Comhairleoir Neamhsple  ch; Teresa Griffin, NCSE; Eamon Stack, Cathaoirleach NCSE; Sheelagh Drudy, Comhairle NCSE; Tom O'Sullivan, Comhairle NCSE.

Ar ch  l   chl : Mel Ainscow, Ollscoil Mhanchain; Johnny Murphy, Comhairle NCSE; Jennifer Doran, NCSE; Paula Connolly, SESS; Gina Grant, Tuismitheoir. Comhdh  il Taighde NCSE 25 Samhain.

Tosaíocht Straitéiseach 4

Athbhreithniú a dhéanamh
ar an soláthar
breisoideachais agus
ardoideachais do dhaoine
fásta ag a bhfuil riachtanais
oideachais speisialta chomh
maith le treoracha
deachleachtais a fhorbairt

Tosaíocht Straitéiseach 4

Athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar breisoideachais agus ardoideachais do dhaoine fásta ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta chomh maith le treoracha deachleachtais a fhorbairt

Ról NCSE

Tá feidhm ag NCSE faoin Acht EPSEN (Alt 20) trína ndéantar athbhreithniú go ginearálta ar an soláthar do dhaoine fásta atá faoi mhíchumas maidir le teacht ar bhreisoideachas, ardoideachas agus/nó oideachas ar bhonn leanúnach maraon le comhairle a chur ar institiúidí oideachais um dheachleachtas in oideachas do dhaoine fásta faoi mhíchumas.

Plean Náisiúnta um Chothromas Inrochtaineachta ar an Ardoideachas

Rannpháirtíocht i nGrúpa Comhairlitheach an Údarás Ardoideachais um Chothromas Inrochtaineachta

Le linn 2015 lean oifigigh NCSE de pháirt a ghlacadh i nGrúpa Comhairlitheach an Údarás Ardoideachais (HEA) san Oifig Náisiúnta Inrochtaineachta. Tar éis dul i gcomhairle leis an bhFóram Comhairleach, seoladh aighneacht chuig an HEA faoin bPlean nua Náisiúnta um Chothromas Inrochtaineachta ar an Ardoideachas 2015-19. Ghlac an HEA agus An Roinn Oideachais agus Scileanna leis an bPlean nua seo do chuimsiú lucht míchumais san Ardoideachais.

Sheol NCSE aighneacht chuig an HEA faoin athbhreithniú ar an gCiste do Mhic Léinn faoi Míchumas. Aithnítear an t-athbhreithniú ar na gníomhartha lárnacha atá sa Phlean Náisiúnta um Chothromas Inrochtaineachta.

Bhíothas páirteach freisin in athbhreithniú ag Cumann Ollscoileanna na hÉireann ar an scéim Bealach Inrochtaineachta Oideachais do Lucht Míchumais (DARE). Scéim mhalartach don iontráil tríú leibhéal is ea DARE a chleachtann roinnt ollscoileanna is coláistí tríú leibhéal do lucht fágtha scoile a raibh tionchar diúltach ag míchumas ar a gcuid oideachais. Tairgtear áit ar phointí laghdaithe trí DARE do scoláirí a raibh dúshlán bhreise oideachais rompu san oideachas dara leibhéal de dheasca míchumais.

Oideachas agus Oiliúint Iarscoile do Lucht Míchumais

Tosaíodh ar phlé le soláthróirí seirbhísí agus lucht míchumais chun teacht ar réimse, inrochtaineacht agus nádúr na roghanna san oideachas agus oiliúint iarscoile do lucht míchumais. I bPlean Oibre NCSE 2015 ar dtús díríodh ar lucht fágtha scoile is ar sheirbhísí lae FSS, san áireamh bhí oiliúint athshlánaithe. Pléadh an t-ábhar úd le Fóram Comhairlitheach NCSE agus tosaíodh ar dhul i gcomhairle le FSS. Táthar ag súil leis an saothar seo a bhrú ar aghaidh i 2016.

Comhairliúchán
le soláthróirí
seirbhísí agus
lucht míchumais

Tosaíocht Straitéiseach 5

A chinntiú go leanann NCSE den bhforbairt mar eagraíocht éifeachtach a ghéilleann do riachtanais idir reachtúil, rialaithe agus corparáideach agus a chinntiú go mbunaítear straitéisí éifeachtúla maidir le scaipeadh eolais, le cumarsáid agus leis na meáin.

Tosaíocht Straitéiseach 5

A chinntiú go leanann NCSE den bhforbairt mar eagraíocht éifeachtach a ghéilleann do riachtanais idir reachtúil, rialaithe agus corparáideach agus a chinntiú go mbunaítear straitéisí éifeachtúla maidir le scaipeadh eolais, le cumarsáid agus leis na meáin.

Réamhrá

I 2015 leanamar dár gcumas a choimeád is a fhorbairt agus sinn mar eagraíocht éifeachtúil, i dtreo ár ndualgais a chomhlíonadh idir reachtúil, rialaithe agus eile.

Féinmheasúnú na Comhairle

Tharla féinmheasúnú i 2015 ar fheidhmíocht na gCoistí NCSE Airgeadais, Iniúchta, Straitéisí & Polasaí agus Taighde. Díriodh ar réimsí mar dhoiciméid suimithe, ionduchtú agus oiliúint leanúnach, cáilíocht an phlé coiste, éifeacht cumarsáid an choiste agus cuspóirí feidhmíocht a shocrú.

Comhaontú Soláthar Feidhmíochta (PDA)

D'ullmhaigh an NCSE tuairisc mheasúnaithe ar ár bhfeidhmíocht faoin PDA agus sheol í chuig An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS). Bhí comhráití freisin leis an ROS faoi PDA nua a fhorbairt de réir treoracha dea-rialaithe i nGníomhaireachtaí Stáit agus Ranna Rialtais.

Cuntais Bhliantúla

Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais bhliantúla NCSE, seoltar chuig an Aire iad agus ina dhiaidh sin foilsítear iad ar shuíomh idirlín an NCSE www.ncse.ie. Foilsítear ár gcuntais bhliantúla ar leith ón dtuarascáil seo.

Deimhnithe um Ghéilliúlacht do Riachtanais an Chóid Rialachais do Chomhlachtaí Stáit

Cuimsítear sonraí na ndeimhnithe ón gComhairle in Aguisín 1, iad siúd a lorgáítear de réir an Chóid.

An tAcht um Rialú Stocaireachta 2015

Bhí feidhm leis an reachtaíocht seo le linn 2015. Oifigeach ainmnithe poiblí faoin Acht is ea an Príomhfheidhmeannach.

Bunú Seirbhís nua Tacaíochta don Chuimsiú laistigh den NCSE

Mí Feabhra 2015, d'fhógair an tAire Oideachas agus Scileanna go mbunófaí Seirbhís nua Tacaíochta don Chuimsiú laistigh den Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta mar chabhair do scoileanna is iad ag tacú le scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta. Cuimseofar An tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta (SESS), An tSeirbhís Náisiúnta um Thacaíocht Iompair (NBSS) agus an tSeirbhís Múinteoir Cuairtíochta do leanaí atá bodhar/ ar a bhfuil moill éisteachta nó atá dall/ar a bhfuil lagú radhairc (VTVHI).

Tagann bunú na seirbhíse le moltaí cheana féin ón NCSE go mba chóir aon tseirbhís chomhtháite amháin a bheith ann chun cur le cumas proifisiúnta na scoileanna maidir le freagairt do riachtanais scoláirí ag a bhfuil riachtanais bhreise foghlama.

D'oibrigh an NCSE leis an ROS agus seirbhísí tacaíochta chun an t-aistriú a chur i gcrích go réidh gan dua. Rinneadh socruithe lena chinntiú go leantar de sheirbhísí mar is gnáth do scoláirí, teaghlaigh, múinteoirí is scoileanna fad is a bheidh an córas nua á ullmhú, á aontú agus á bhunú laistigh den NCSE.

An abstract graphic design on a light beige background. It features a large, dark red shape with a rounded top-left corner and a thin diagonal line extending from its bottom-right corner. Overlapping the top-left of this red shape is a smaller, solid orange shape with a rounded top-left corner. The word "Rialachas" is written in white, bold, sans-serif font within the orange shape.

Rialachas

Rialachas

An Chomhairle NCSE



Baill na Comhairle 2015:

Ar chúl ó chlé: Joan Russell, Pat Kinsella, Eithne Fitzgerald, Tom O'Sullivan, Helen Guinan, James O'Grady, Mary Friel.

Ar aghaidh ó chlé: Maureen Costello, Philip O'Callaghan, Sheelagh Drudy, Eamon Stack, Cathaoirleach, Teresa Griffin, POF, Jenny Ennis, Johnny Murphy.

Is í Comhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta údarás rialaithe NCSE. Ceapann an tAire Oideachais agus Scileanna an Chomhairle faoi Alt 21 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (EPSEN), 2004. Ceapadh an Chomhairle reatha go ceann tréimhse trí bliana ón 1 Eanáir 2013 go 31 Nollaig 2015. Bhí seacht gcruinniú ag an gComhairle le linn 2015. Tá sonraí na mball agus a dtinreamh sa tábla anseo thíos agus foilsítear breis eolais ar ár suíomh idirlín www.ncse.ie.

Baill Chomhairle NCSE le linn 2015		
Ainm	Sonraí	Tinreamh
Eamon Stack, Cathaoirleach	Iar-Phríomhchigire sa Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS)	6
Pat Kinsella, Leas-chathaoirleach*	Iar-Phríomhoide, Coláiste Choilm, Baile an Chollaigh, Co Chorcaí.	5
Maureen Costello* ⁴	Stiúrthóir, An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíoch Oideachais	2
Sheelagh Drudy	Ollamh Gradaim Oideachais is iar-Cheann an Oideachais, Coláiste na hOllscoile BÁC	5
Jenny Ennis	Máthair beirt mhac ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta. Iarbhall bord bainstíochta Scoil Phobail an Linbh Íosa	5
Eithne Fitzgerald	Ceann Polasaí agus Taighde san Údarás Náisiúnta Míchumais	6
Mary Friel	Iar-Phríomhoide, Coláiste Pobail Margaret Aylward, Fionnbhrú, Baile Átha Cliath	6
Helen Guinan	Cathaoirleach an Údarás Náisiúnta Míchumais. Iar-Phríomhoide, Scoil Speisialta Naomh Pól, Montenotte, Corcaigh	6
Johnny Murphy	Cigire Rannáin, An Roinn Oideachais agus Scileanna	6
Philip O'Callaghan	Comhairleoir Polasaí ag an Aire Sláinte	6
James O'Grady*	Iar-Cheann Seirbhísí Míchumais i bhFeidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte. Ar Bhord an Údarás Náisiúnta Míchumais	5
Tom O'Sullivan	Iar-Leasrúnaí Cúnta Ginearálta, INTO. Iar-Phríomhoide Scoil Náisiúnta Naomh Seanáin, Luimneach	5
Joan Russell*	Oifigeach Tionscadail um cleachtais institiúideacha le Bord Oideachais agus Oiliúna na hÉireann (ETBI). Iar-Oifigeach Oideachais le Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí (CETB)	6

Is don dara téarma as a chéile ar an gComhairle atá na baill úd a bhfuil an marc * ar a n-ainm⁴.

⁴ D'imigh Maureen Costello ar scor ón gComhairle tar éis an 89ú Cruinniú ar 24 Meitheamh 2015

Coistí na Comhairle

Bhunaíodh cúig cinn de choistí faoi Alt 33 den Acht EPSEN. Tuairiscíonn siad don Chomhairle de réir na dtéarmaí tagartha agus treoracha rialaithe atá leagtha síos ag an gComhairle. Tá cead ag baill a bheith ar níos mó ná haon Choiste amháin. Cheap an Chomhairle Cathaoirleach seachtrach ar an gCoiste Iniúchta ag a bhfuil taithí chuí.

Iniúchadh (4 chruinniú)	Tinreamh
John Fitzgerald, Cathaoirleach	4
Helen Guinan	3
Philip O'Callaghan	4
James O'Grady	3
Eamon Stack	4

Feidhmíocht CEO (2 cruinniú)	Tinreamh
Eamon Stack, Cathaoirleach	2
Pat Kinsella	2
Joan Russell	2

Airgeadas (6 chruinniú)	Tinreamh
Joan Russell, Cathaoirleach	6
Jenny Ennis	5
Mary Friel	6
Philip O'Callaghan	6

Taighde (7 gcruinniú)	Tinreamh
Sheelagh Drudy, Cathaoirleach	7
Maureen Costello	4
Johnny Murphy	7
Tom O'Sullivan	5

Straitéis agus Polasáí (7 gcruinniú)	Tinreamh
James O'Grady, Cathaoirleach	7
Eithne Fitzgerald	7
Helen Guinan	6
Pat Kinsella	7
Sheelagh Drudy ⁵	5

⁵ Ceapadh Sheelagh Drudy ar an gCoiste Straitéise agus Polasáí ó 12 Eanáir 2015

Fóram Comhairlitheach NCSE

Bhunaigh an Chomhairle an fóram comhairlitheach faoi Alt 22 den Acht EPSEN. Ceapann an Chomhairle suas le 17 ball tar éis próiseas ordaithe comhairliúcháin. Ina theannta san ceapann an tAire 3 ball. Ceapadh na baill go ceann tréimhse trí bliana dar tús mí Iúil 2013. Bhí 3 chruinniú i 2015. Ag seo thíos liosta na mball:

Fóram Comhairlitheach NCSE (3 chruinniú)		
Baill cheaptha ag an gComhairle		Tinreamh
Seán Balfe	Príomh-Oide Bunscoile	3
Ann Bourke	Speisialtóir Míchumais, Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte	3
Seán Burke	Iar-Phríomhfheidhmeannach, Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh & An Chláir	1
Denis Burns	Stiúrthóir Dioplóma i Riachtanais oideachais speisialta, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	3
Breda Corr	Rúnaí Ginearálta, Cumann Náisiúnta Bord Bainistíochta Oideachais Speisialta	3
Patricia Griffin	Oifigeach Oideachais, Siondróm Down Éireann	3
Adam Harris	Saothar le comhlachtaí deonacha tacaíochta do lucht speictream uathachais	1
Miriam Hilliard	Eagraí Sinsearach Riachtanais Oideachais Speisialta	3
Ann Jackson	Príomh-Oide scoil speisialta agus oifigeach Cumann Múinteoirí Oideachais Speisialta in Éirinn	2
Denise Kelly	Oifigeach Oideachais, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	2
Christy Lynch	Chairperson, National Federation of Voluntary Bodies. Chief Executive Officer, KARE	3
	Cathaoirleach, Cumann Náisiúnta Cumann Deonacha. Príomhfheidhmeannach KARE	3
Teresa McDonnell	Cathaoirleach eagraíocht tacaíochta do thuismitheoirí leanaí atá bodhar nó ar a bhfuil moill éisteachta	2
Patrick McVicar	Iar-Phríomhoide iarbhunscoile agus ball den Chomhairle Mhúinteoireachta	3
Deirbhile Nic Craith	Oifigeach Sinsir, Cumann Múinteoirí Náisiúnta na hÉireann	2
Julie O'Leary	Saothar le Fundúireacht COPE	1
Carmel O'Shea	Saothar leis an gComhairle Náisiúnta Tuismitheoirí	2

Fóram Comhairlitheach NCSE (3 chruinniú) (ar lean.)		
Baill cheaptha ag an gComhairle		Tinreamh
Donie O'Shea	Comhairleoir Sinsearach Polasaí, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais.	3
Eamon Clavin	Cigire, An Roinn Oideachais agus Scileanna	3
Michael Cullinane	Stiúrthóir Réigiúnach, An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais	2
Aisling Curley ⁶	Príomh-Oifigeach Cúnta, Rannóg Oideachas Speisialta, An Roinn Oideachais agus Scileanna	–

6 Ghlac Aisling Curley le dualgais eile sa ROS le linn 2015

An abstract graphic design on a light beige background. A large, dark red shape, resembling a stylized letter 'D' or a drop, occupies the lower and right portions of the frame. Overlapping the top-left corner of this red shape is a semi-circular area in a vibrant orange color. The word 'Aguisíní' is written in a white, sans-serif font within the orange semi-circle.

Aguisíní

Aguisín 1

Deimhnithe um Ghéilliúlacht do Riachtanais an Chóid Rialachais do Chomhlachtaí Stáit

Córas Rialaithe Airgeadais Inmheánach (SIFC) NCSE

Tá an Chomhairle freagrach as rialú inmheánach NCSE agus athbhreithniú bhliantúil ar éifeachtúlacht rialuithe; san áireamh bíonn airgeadas, oibriú, rialú géilliúlacht agus bainistiú riosca. Tá deimhniú ar an athbhreithniú ar an gCóras Rialaithe Inmheánach (SIFC) ag an NCSE i 2015 ar fáil inár gcuntais iniúchta bliantúla a fhoilsítear ar leith.

Cáin agus Géilliúlacht Rialaithe

Ní raibh aon chumarsáid faoi neamh-ghéilliúlacht do riachtanais údaráis na cánach faoi ábhar ar bith. Níl NCSE ar an eolas faoi aon neamh-ghéilliúlacht do dhlíthe ná do rialacháin a tharla nó a d'fhéadfadh a bheith tarlaithe is a chuirfeadh isteach ar ár ráitis airgeadais.

Polasaí Taistil NCSE

Géilltear i ngach aon slí do pholasaí rialtais faoi thaisteal gnó. D'fhorbair agus cloíonn NCSE le polasaí taistil de riachtanas an Rialtais. Beidh sonraí íocaíochtaí um thaisteal gnó don Chomhairle i 2015 istigh i Ráiteas Airgeadais iniúchta NCSE.

Polasaí Fála

I NCSE déantar de réir polasaí rialtais um fhála poiblí.

Baineann NCSE leas as seirbhísí i bpáirt agus as conarthaí lárnacha tarraingthe, san áireamh bíonn siad siúd faoin tSeirbhís Náisiúnta Fála agus conarthaí Rialtais TFC ach iad a bheith ar fáil.

Díol Sócmhainní

Maidir le sócmhainní a dhíol géilleann NCSE go hiomlán do na riachtanais a leagadh síos sa Chód Cleachtais.

Nochtadh faoi Rún

D'aontaigh NCSE cleachtais a ligeann d'fhostaithe is baill imní a nochtadh faoi rún maidir le haon gnó cam i dtuairisciú airgeadais nó cúrsaí eile, agus más cuí, cinnteofar go leanfar d'aon scéal a thagann chun solais an gcleachtas seo. Níor tharla aon cheist faoin gcleachtas seo i 2015.

Cosaint Leanaí

D'fhorbair NCSE cleachtais agus teoracha foirne um cheisteanna cosaint leanaí a d'ardófaí ó am go chéile. Bunaíodh na teoracha ar an dTreoir Tús Áite ag Leanaí a d'fhoilsigh An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tá na teoracha NCSE ar fáil ar ár suíomh idirlín www.ncse.ie. Rinneadh próiseas ar aon cheisteanna a tharla le linn 2015 de réir na gcleachtas seo.

Iniúchadh

Bhunaigh NCSE feidhm inmheánach iniúchta agus d'aontaigh cairt inmheánach iniúchta. Cheap an Chomhairle coiste iniúchta ag a bhfuil téarmaí aontaithe tagartha, san áireamh tá maoirsiú ar an bhfeidhm inmheánach iniúchta agus athbhreithniú ar na dréachtchuntais bhliantúla.

Tuairisciú ar Fheidhmiú Bliantúil Fuinnimh

I 2015, thug NCSE tuairisc ar a bhfeidhmiú fuinnimh do 2014 d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann mar a éilítear faoi rialacháin AE.

Léargas ar fheidhmiú fuinnimh NCSE

162.34 MWh leictreachais

265.4 MWh breosla iontaise

0.00 MWh breosla inathnuaite

Aguisín 2

Foireann NCSE

Grád	Foireann sa phost deireadh 2015
Príomh-Fheidhmeannach	1
Príomh-Oifigeach	4
Ceann Seirbhísí Áitiúla	1
Príomh-Oifigeach Cúnta	3
Eagraí Sinsearach um Riachtanais Oideachais Speisialta	9
Eagraí um Riachtanais Oideachais Speisialta (SENO)	69
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	5
Oifigeach Feidhmiúcháin	3
Oifigeach Foirne	1
Oifigeach Cléireachais	3
Iomlán	99 ⁷

7 Bhí 2 fholúntas agus 1 phost sealadach le cois.

Aguisín 3

Eolas staitistiúil don scoilbhliain 2014/15

Scoláirí ag a bhfuil teacht ar Theagasc Acmhainne de réir catagóir míchumais.

Faigheann breis is 48,000 scoláire teagasc acmhainne ó mhúinteoirí acmhainne sna scoileanna. Tá 25,647 acu i ngnáthbhunscoileanna agus 22,777 ag freastal ar iarbhunscoil.

Catagóir Míchumais	Líon Scoláirí	
	Bunscoileanna	Iarbunscoileanna
Siondróm measta	208	59
Uathachas/aicídí speictream uathachais	5,709	2,917
Suaithheadh mothúcháin/iompair	4,617	3,313
Moill éisteachta	751	480
Míchumas meánach foghlama ginearálta	585	178
Míchumais iolracha	2,003	993
Eile	46	9
Míchumas fisiciúil	4,076	2,924
Tromshuaithheadh mothúchán/iompair	814	458
Trom/fíormhíchumas foghlama ginearálta	35	1
Aicíd urlabhra agus teanga ar leith	6,494	1,204
Bac radhairc	309	231
Scoláirí atá faoi mhíchumas imeallach nó éadrom foghlama ginearálta (meastachán)		10,010*
Iomlán	25,647	22,777

* Seo líon na scoláirí ag a bhfuil míchumas ardmhnicíochta i scoileanna iarbhunoideachais. I dtuarascáil bhliantúil NCSE 2012, ar na figiúirí do chatagóirí míchumais bhí 10,010 scoláire i scoileanna iarbhunoideachais ag a raibh míchumas éadrom ginearálta foghlama, míchumas imeallach nó éadrom foghlama ginearálta agus míchumas áirithe foghlama. Ó 2012 i leith, réamhdháileadh thart ar 700 post teagaisc acmhainne ar scoileanna iarbhunoideachais chun tacú leo siúd agus níor ghá do scoileanna cur isteach ar thacaíocht ar bhonn scoláirí aonair.

Aguisín 4

Cur síos ar na Catagóirí Míchumais⁸

Míchumais ar Mhinicíocht Ard	
Catagóir míchumais	Cur síos
Míchumas imeallach éadrom foghlama ginearálta	Rinne síceolaí measúnú ar an scoláire agus bhí fáithmheas mar mhíchumas imeallach éadrom foghlama ginearálta. Ar scála iomlán IQ bhí scór idir 70 agus 79
Míchumas éadrom foghlama ginearálta	Rinne síceolaí measúnú ar an scoláire agus bhí fáithmheas mar mhíchumas éadrom foghlama ginearálta. Ar scála iomlán IQ bhí scór idir 50 agus 69
Míchumas foghlama ar leith	Rinne síceolaí measúnú ar an scoláire mar a leanas: <ul style="list-style-type: none"> ▶ Meabhair chinn ar an meán nó níos airde. ▶ Míchumas foghlama go pointe áirithe a bhaineann le scileanna ar leith sa léamh, scríobh nó mata a chuireann an scoláire sa dara réimse ceatadán i dtrialacha oiriúnacha, caighdeánacha, normthagartha.

Míchumais ar Mhinicíocht Íseal	
Catagóir míchumais	Cur síos
Uathachas/aicíd speictream uathachais (ASD)	Rinne siciatraí nó síceolaí measúnú agus bhí fáithmheas mar uathachas nó aicíd speictream uathachais de réir critéir DSM-IV, DSM-V, nó ICD-10.
Suaithheadh mothúcháin agus/nó iompair	Bíonn an scoláire faoi chúram siciatraí nó síceolaí ar son riocht mar néaróis, síceois linbh, forghníomhaíocht, aicíd easnamh aire, ADHD nó deacrachtaí iompair a chuireann isteach go mór ar chúrsaí sóisialta agus/nó foghlama ar scoil
Moill éisteachta	Tá moill éisteachta ar an scoláire atá dona go leor is nach féidir urlabhra an duine a chloisint ná a thuiscint i gceart, bíonn bac maidir le páirt iomlán a ghlacadh i gcursaí an tseomra ranga agus leas ceart a bhaint as an dteagasc. De ghnáth ceaptar cluaisín chúnta agus baintear leas as seirbhísí múinteoir cuairte
Míchumas meánach foghlama ginearálta	Rinne síceolaí measúnú agus bhí fáithmheas mar mhíchumas meánach foghlama ginearálta. Ar scála iomlán an IQ bhí scór idir 35 agus 49

8 Ciorclán SP ED 02/05 An Roinn Oideachais agus Scileanna

Míchumais ar Mhinicíocht Íseal	
Catagóir míchumais	Cur síos
Míchumais iolracha	Má dhéantar fáithmheas mar mhíchumais iolracha sroichtear na critéir faoi dhá ceann nó níos mó de na míchumais luaite ar mhinicíocht íseal
Riachtanais oideachais speisialta de dheasca siondróim mheasta	Rinneadh fáithmheas mar shiondróm measta m.sh. siondróm Down, siondróm William's agus siondróm Tourette's i dteannta aon cheann de na míchumais eile ar mhinicíocht íseal
Míchumas fisiciúil	<p>Tá míchumas buan nó fadtéarmach ar an scoláire de dheasca riocht mar éagruth ón mbroinn, spina bifida, diospraicse, diostróipe mhatánach, pairilis ceirbreach, cnámh briosc nó gortú tar éis tromthimpiste. Toisc bac ar an bhfónamh fisiciúil, bíonn gá le breis tacaíocht is eadráin speisialta chun leibhéal agus caighdeán oideachais oiriúnach a sholáthar de réir cumas an scoláire.</p> <p>Is minic a bhíonn gá le cathaoir rotha, áis ghluaiseachta nó suite nó le taca éigin eile teicneolaíochta.</p> <p>Bheadh easpa smacht is comhordú i gceist uaireanta nó deacrachtaí cumarsáide, go háirithe urlabhra, mar shampla i gcás diospraicse trom</p>
Míchumas trom nó fíor foghlama ginearálta	Rinne síceolaí measúnú ar an scoláire agus bhí fáithmheas mar mhíchumas trom/fíor foghlama ginearálta. Ar an scála iomlán IQ bhí scór faoi bhun 35. Uaireanta bíonn míchumas fisiceach leis
Tromshuaitheadh mothúcháin agus/nó iompair	Is iad critéir EBD trom ná an scoláire a bheith faoi chúram siciatraí nó síceolaí cliniciúil mar gheall ar thromshuaitheadh cliniciúil. Níl ach líon an-bheag scoláirí a bheadh sa chatagóir úd
Aicid urlabhra agus teanga ar leith	<p>Is iad seo na critéir:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▶ cumas feidhmíocht seachas ó bhéal atá laistigh de réimse an mheáin nó os a chionn (i.e. scór IQ mar 90 ar a laghad). ▶ measúnú déanta ag teiripí teanga agus urlabhra a tháinig ar dhá ceann nó níos mó de thréigin chaighdeán (S.D.) faoi bhun an mheáin, nó ag leibhéal cothrom go ginearálta (i.e. - 2 S.D. nó faoina bhun, nó faoi bhun scór caighdeánach 70) i bpríomhréimse amháin forbartha teanga agus urlabhra ar a laghad. ▶ Ní mór dhá mheasúnú, síceolaíoch, maraon le teanga agus urlabhra.

Míchumais ar Mhinicíocht Íseal	
Catagóir míchumais	Cur síos
Bac radhairc	Tá bac radhairc ar an scoláire atá dona go leor is nach féidir feiscint i gceart, maidir le hábhar súl mar phictiúirí, léaráidí agus téacs scríofa. Uaireanta bíonn aicíd mar dhaille ón mbroinn, feanna, ailbíneacht nó reitiníteas lítheach. De ghnáth bíonn gá le háiseanna radhairc ísil agus baintear leas as seirbhísí múinteoir cuairte.

Aguisín 5

Gluais Acrainmneacha is mó Luaite

APP	Tionscnamh athrú soláthair
ASD	Aicíd speictream uathachais
AT	Teicneolaíocht Chúntach
CETB	Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí
CPD	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
DARE	Bealach Inrochtaineachta Oideachais do Lucht Míchumais
DES	An Roinn Oideachais agus Scileanna
DSM	Diagnostic and statistical manual of mental disorders
EASNIE	Gníomhaireacht Eorpach um Chuimsitheacht Riachtanas Speisialta
EBD	Suaithheadh mothúcháin/aicíd iompair
EPSEN	An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, 2004
ESRI	An Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta
ETBI	Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann
EU	An tAontas Eorpach
GUI	Ag Fás Aníos in Éirinn
HEA	An tÚdarás Ardoideachais
ICD	Rangú Idirnáisiúnta Galar
ICT	Teicneolaíocht eolais agus cumarsáide
ISS	An tSeirbhís Tacaíochta Cuimsithe
ITE	Oideachas do Mhúinteoirí ó Thosach
IRIS	Taighde ar Chuimsiú i Scoileanna na hÉireann
IQ	Comhrann Intleachta
NBSS	An tSeirbhís Náisiúnta um Thacaíocht Iompair
NCSE	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
PDA	Comhaontú soláthar feidhmíochta
SESS	An tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta
SEN	Riachtanas oideachasúil speisialta
SD	Tréigean caighdeáin

SENO	Eagraí um Riachtanais Oideachais Speisialta
SIFC	Córas rialaithe airgeadais inmheánach
SNA	Cúntóir um riachtanais speisialta
UCD	Coláiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath
VTVHI	Seirbhís múinteoir cuairtíochta do leanaí atá bodhar/ar a bhfuil moill éisteachta nó dall/ar a bhfuil lagú radhairc

